**Ráig COVID – 19**

*(Rialachán (AE) 2021/267 ó Parlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2021 lena leagtar síos bearta sonracha agus sealadacha i bhfianaise mharthanacht ghéarchéim COVID-19 i dtaca le deimhnithe, ceadúnais agus údaruithe áirithe a athnuachan nó síneadh a chur leo agus le cur ar athlá seiceálacha tréimhsiúla áirithe agus oiliúint thréimhsiúil áirithe i réimsí áirithe den reachtaíocht iompair agus le síneadh a chur le tréimhsí áirithe dá dtagraítear i Rialachán (AE) 2020/698* [1]*)*

(2021/C 76 I/06)

**Poblacht na Liotuáine**

**Dáta na faisnéise le haghaidh an Choimisiúin**: 24.2.2021

Chinn Poblacht na Liotuáine, i gcomhréir le forálacha ábhartha Rialachán (AE) 2021/267 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle **nach gcuirfidh sé an fhoráil nó na forálacha seo a leanas i bhfeidhm:**

— Airteagal 2(1) maidir leis na teorainneacha ama do shealbhóir ar Dheimhniú ar Inniúlacht Ghairmiúil oiliúint thréimhsiúil a thabhairt chun críche faoi Threoir 2003/59/CE [2];

— Airteagal 2(2) maidir leis na teorainneacha ama do shealbhóir ar Dheimhniú ar Inniúlacht Ghairmiúil oiliúint thréimhsiúil a thabhairt chun críche faoi Threoir 2003/59/CE ar cuireadh síneadh léi cheana le cur i bhfeidhm Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2020/698 [3];

— Airteagal 2(3) maidir le bailíocht na marcála ar chód comhchuibhithe, “95” faoi Threoir 2003/59/CE;

— Airteagal 2(4) maidir le bailíocht na marcála ar chód comhchuibhithe, “95” faoi Threoir 2003/59/CE ar cuireadh síneadh leis cheana le cur i bhfeidhm Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2020/698;

— Airteagal 2(5) maidir le bailíocht an chárta cáilíochta tiománaí faoi Threoir 2003/59/CE;

— Airteagal 2(6) maidir le bailíocht an chárta cáilíochta tiománaí faoi Threoir 2003/59/CE ar cuireadh síneadh léi cheana le cur i bhfeidhm Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2020/698;

— Airteagal 3(1) maidir le bailíocht ceadúnas tiomána faoi Threoir 2006/126/CE [4];

— Airteagal 3(2) maidir le bailíocht ceadúnas tiomána faoi Threoir 2006/126/CE ar cuireadh síneadh léi cheana le cur i bhfeidhm Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2020/698;

— Airteagal 4(1) maidir le cigireachtaí rialta ar thacagraif in iompar de bhóthar faoi Rialachán (AE) Uimh. 165/2014 [5];

— Airteagal 4(2) maidir le hathnuachan cártaí tiománaí faoi Rialachán (AE) Uimh. 165/2014;

— Airteagal 4(3) maidir le hionadú cártaí tiománaí faoi Rialachán (AE) Uimh. 165/2014;

---

(1) IO L 60, 22.2.2021, lch. 1

(2) Treoir 2003/59/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2003 maidir le cáiliú tosaigh agus oiliúint thréimhsiúil do thiománaithe feithiclí bóthair áirithe a úsáidtear chun earraí nó paisinéirí a iompar, lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 3820/85 ón gComhairle agus Treoir 91/439/CEE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 76/914/CEE ón gComhairle (IO L 226, 10.9.2003, lch. 4).

(3) Rialachán (AE) 2020/698 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Bealtaine 2020 lena leagtar síos bearta sonracha agus sealadacha i bhfianaise ráig COVID-19 i dtaca le deimhnithe, ceadúnais agus údaruithe áirithe a athnuachan nó síneadh a chur leo agus le cur ar athlá seiceálacha tréimhsiúla áirithe agus oiliúint thréimhsiúil áirithe i réimsí áirithe den reachtaíocht iompair (IO L 165, 27.5.2020, lch. 10).

(4) Treoir 2006/126/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 maidir le ceadúnais tiomána (IO L 403, 30.12.2006, lch. 18).

(5) Rialachán (AE) Uimh. 165/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Feabhra 2014 maidir le tacagraif in iompar de bhóthar, lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 3821/85 ón gComhairle maidir le trealamh taifeadta in iompar de bhóthar agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le comhchuibhiú reachtaíochta sóisialta áirithe a bhaineann le hiompar de bhóthar (IO L 60, 28.2.2014, lch. 1).

— Airteagal 5(1) maidir le teorainneacha ama i leith na dtástálacha tréimhsiúla ródacmhainneachta ar mhótarfheithiclí agus ar leantóirí mótarfheithiclí faoi Threoir 2014/45/AE ([6]);
— Airteagal 5(2) maidir le bailíocht deimhnithe ródacmhainneachta faoi Threoir 2014/45/AE;
— Airteagal 7(1) maidir le bailíocht an cheadúnais Comhphobail le haghaidh tarlú de bhóthar faoi Rialachán (CE) Uimh. 1072/2009 ([7]);
— Airteagal 7(2) maidir le bailíocht an fhianaithe tiománaí faoi Rialachán (CE) Uimh. 1072/2009;
— Airteagal 8(1) maidir le bailíocht an cheadúnais Comhphobail le haghaidh iompar paisinéirí faoi Rialachán (CE) Uimh. 1073/2009 ([8]);
— Airteagal 9(1) maidir leis na teorainneacha ama chun deimhnithe sábháilteachta aonair a athnuachan faoi Threoir (AE) 2016/798 ([9]);
— Airteagal 9(2) maidir le bailíocht údaruithe sábháilteachta faoi Threoir (AE) 2016/798;
— Airteagal 10(1) maidir leis na teorainneacha ama a bhaineann le hathnuachan deimhnithe sábháilteachta faoi Threoir 2004/49/CE ([10]);
— Airteagal 10(2) maidir le teorainneacha ama a bhaineann le hathnuachan deimhnithe sábháilteachta faoi Threoir (AE) 2004/49/CE;
— Airteagal 11(1) maidir le hathnuachan ceadúnas do thiománaithe traenach faoi Threoir 2007/59/CE ([11]);
— Airteagal 11(2) maidir le teorainneacha ama chun seiceálacha tréimhsiúla ar thiománaithe traenach a chur i gcrích faoi Threoir 2007/59/CE;
— Airteagal 12(1) maidir leis na teorainneacha ama chun athbhreithniú rialta a fheidhmiú faoi Threoir 2012/34/AE ([12]);
— Airteagal 12(2) maidir le bailíocht ceadúnas sealadach faoi Threoir 2012/34/AE;
— Airteagal 16(1) maidir leis na teorainneacha ama chun athbhreithniú tréimhsiúil a dhéanamh ar mheasúnuithe ar shlándáil saoráidí calafoirt faoi Rialachán (CE) Uimh. 725/2004 ([13]);
— Airteagal 16(2) maidir leis na teorainneacha ama 18 mí chun cleachtaí de chineálacha éagsúla a chur i gcrích faoi Rialachán (CE) Uimh. 725/2004;
— Airteagal 17(1) maidir leis na teorainneacha ama chun an t-athbhreithniú a dhéanamh ar mheasúnuithe ar shlándáil calafoirt agus ar phleananna slándála calafoirt faoi Threoir 2005/65/CE ([14]);
— Airteagal 17(2) maidir leis na teorainneacha ama 18 mí chun cleachtaí oiliúna a chur i gcrích faoi Threoir 2005/65/CE.

---

([6]) Treoir 2014/45/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Aibreán 2014 maidir le tástálacha tréimhsiúla ródachmhainneachta ar mhótarfheithiclí agus ar leantóirí mótarfheithiclí agus lena n-aisghairtear Treoir 2009/40/CE (IO L 127, 29.4.2014, lch. 51).
([7]) Rialachán (CE) Uimh. 1072/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le rialacha comhchoiteanna le haghaidh rochtana ar an margadh idirnáisiúnta tarlaithe de bhóthar (IO L 300, 14.11.2009, lch. 72).
([8]) Rialachán (CE) Uimh. 1073/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le rialacha comhchoiteanna le haghaidh rochtana ar an margadh idirnáisiúnta do sheirbhísí cóiste agus bus, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 (IO L 300, 14.11.2009, lch. 88).
([9]) Treoir (AE) 2016/798 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le sábháilteacht iarnróid (IO L 138, 26.5.2016, lch. 102).
([10]) Treoir 2004/49/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le sábháilteacht ar iarnróid an Chomhphobail agus lena leasaítear Treoir 95/18/CE ón gComhairle maidir le ceadúnú gnóthas iarnróid agus Treoir 2001/14/CE maidir le toilleadh bonneagair iarnróid a leithdháileadh agus maidir le muirir a ghearradh i leith úsáid bonneagair iarnróid agus deimhniúchán sábháilteachta (an Treoir Sábháilteachta Iarnróid) (IO L 164, 30.4.2004, lch. 44).
([11]) Treoir 2007/59/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2007 maidir le deimhniúchán a dhéanamh ar thiománaithe traenach a bhfuil innill féinghluaiste agus traenacha á n-oibriú acu i gcóras iarnróid an Chomhphobail (IO L 315, 3.12.2007, lch. 51).
([12]) Treoir 2012/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Samhain 2012 lena mbunaítear limistéar Eorpach aonair iarnróid (IO L 343, 14.12.2012, lch. 32).
([13]) Rialachán (CE) Uimh. 725/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Márta 2004 maidir le slándáil long agus saoráidí calafoirt a fheabhsú (IO L 129, 29.4.2004, lch. 6).
([14]) Treoir 2005/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2005 maidir le slándáil calafort a fheabhsú (IO L 310, 25.11.2005, lch. 28).